# 2015 2016

## TUARASCÁIL **BHLIANTÚIL**



BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

www.mic.ul.ie



## An tOllamh Peadar Ó Croimín

**Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál 1999 - 2011**

I 1999 ceapadh an tOllamh Ó Croimín mar an chéad Uachtarán tuata ar an gColáiste i 101 bliain. Le linn a uachtaránacht, tharla fás thar chuimse sa Choláiste, faoin am gur éirigh sé as sa bhliain 2011, bhí os cionn 3,000 mac léinn cláraithe ar 30 chlár acadúil éagsúla ag leibhéal na céime, na hiarchéime agus na dochtúireachta. Chuir an tOllamh Ó Croimín go mór le forbairt an Choláiste, leis an bhfás i líon na mac léinn, mar aon leis an tús a cuireadh le cláir acadúla nua lena linn agus ar ndoigh le claochlú fisiciúil an champais. Dhein sé maoirseacht ar mhórchlár infheistíochta caipitil de luach €40 million ina iomláine, mar chuid den infheistíocht seo tógadh dhá fhoirgneamh den chéad scoth, 'Tailteann', lárionad spóirt ilchuspóireach a bhuaigh dámhachtainí agus 'Teamhair', foirgneamh teagaisc agus taighde. Bá é an tOllamh Ó Croimín a bhí freagrach go príomha as bunú an phríomhionaid amharclainne i Luimneach, Amharclann Chrann Teile ina bhfuil 510 suíochán.

Le linn a shaol fada oibre i gColáiste Mhuire gan Smál, d'fhág Peadar – mar ab' fhearr aithne air – a rian ar thrí shlí ach go háirithe. Ba cheannaire nádúrtha é, é ar a chompord i lár an aonaigh ag seisiún ceoil nó scéalta nó é i mbun oibre ag leagan amach físeanna uaillmhianacha agus ag cur crutha agus eagair ar a fhoireann d'fhonn na físeanna seo a bhaint amach. Ar an dara dul síos, tá ceann de na campais is deise agus is fearr sa Stát ag an gColáiste de bharr a bhuansheasmhacht. I lár 2008 agus an tír in umar na haimléise, d'éirigh leis claochlú fisiciúil an champais a chinntiú trí mhaoiniú a aimsiú ó gheilleagar a bhí ag titim as a chéile ag an am. Ar deireadh, agus an rud is tábhachtaí ar ndoigh, chothaigh sé agus sheas sé mar chomhartha do bhunthréith an Choláiste, is é sin coincheap na meithle, nó coincheap an phobail – coincheap atá thar a bheith tábhachtach do phobal uile an choláiste, idir mhic léinn agus baill foirne, ó am a bhunaithe.

**An tOllamh Peadar Ó Croimín**

1949-2015

Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.

Fáilte go dtí Tuarascáil Bhliantúil Choláiste Mhuire gan Smál 2015-2016.

Fáilte go dtí Tuarascáil Bhliantúil 2015-2016 do Choláiste Mhuire gan Smál (CMgS). Bliain an-rathúil ab ea 2015-2016 do Choláiste Mhuire Gan Smál de réir mar a leanamar ar aghaidh ag baint amach na spriocanna atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach 2012-2016. Is ilchampas anois é CMgS tar éis do Choláiste Phádraig Durlas a bheith ionchorpraithe i samhradh 2016. Mar thoradh ar an ionchorprú seo, cuireann CMGS naoi gclár fochéime san Oideachas agus sna Dána ar fáil anois, chomh maith le raon leathan de thairiscintí um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí mar aon le go leor deiseanna iarchéime go leibhéal na Máistreachta agus na Dochtúireachta. Dhaingnigh an fhorbairt seo seasamh CMgS mar an soláthraí um oiliúint tosaigh múinteoirí is suntasaí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Léirigh an tréimhse seo líon ard mac léinn freisin, a chuaigh thar 3,500 don chéad uair. Lean ár sraith de chláir ag leathnú amach, ina meascsiúd tá an BA nua agus nuálaíoch i Léann na hAmharclannaíochta Comhaimseartha agus Feidhmí, a thosaigh i Meán Fómhair 2015. Tá an t-éileamh ar gach ceann dár gcláir fochéime reatha ard i gcónaí le leibhéil na bpointí LOI fós seasmhach nó ag méadú. Leanann an fás iarchéime ar aghaidh gan bhriseadh agus i mí Dheireadh Fómhair 2015, bronnadh an 100ú dámhachtain dochtúireachta.

Forbairt suimiúil eile don Choláiste i rith na tréimhse seo ab ea an conradh a bronnadh ar an gColáiste ón Údarás um Ard-Oideachas, ar chuibhreannas faoi stiúir CMgS, chun an Clár Náisiúnta Ard-Oideachais um Chomhordaitheoirí do Chuimsiú i Suíomhanna Luathbhlianta a sheachadadh. Is mór an fhorbairt agus an dul chun cinn don Choláiste é bronnadh na tairisceana seo toisc go gcuirfidh sé breis is 3,600 mac léinn le daonra atá ag méadú cheana i gCMgS. Níos tábhachtaí fós, cuirfidh an clár nua seo le seasamh CMgS i bhfíorthosach oideachas na luathbhlianta agus oideachas múinteoirí. Cinnteoidh sé chomh maith go leanfaimid ar aghaidh ag soláthar oideachasóirí luathbhlianta agus múinteoirí den scoth sna réamhbhlianta ón réamhscolaíocht tríd an t-oideachas bunscoile agus meánscoile chomh maith leis an tríú leibhéal agus an ceathrú leibhéal den ardoideachas.

Sa tréimhse seo freisin leathnaíodh amach lorg an Choláiste tar éis Foirgneamh Chnoic Naomh Uinseann a cheannach ó Shiúracha na Trócaire. Déanfaidh na hoibreacha athphéinteála, deisiúcháin agus athchóirithe claochlú ar an bhfoirgneamh ar mhaithe le háiseanna ardoideachais den chaighdeán is airde a sholáthar ar champas John Henry Newman. Ba bhliain é chomh maith inar tugadh cead pleanála don gColáiste chun Leabharlann / Ionad Acmhainní Foghlama nua a thógáil.

Sonraítear sa tuarascáil seo roinnt fóraim, siompóisiamaí agus comhdhálacha ardphróifíle le linn na tréimhse seo, agus chuir gach ceann acu le fís CMgS a bheith mar institiúid a chuireann deiseanna foghlama ardleibhéil agus taighde d'ardchaighdeán ar fáil. Chuir na himeachtaí seo lenár gcuspóir go n-aithneofar sinn as ucht an méid atá curtha againn le contanam an tsoláthair acadúil i gcomhoibriú éifeachtach agus táirgiúil lenár gcomhpháirtithe san Earnáil Ardoideachais.

Cuireann scaipeadh tíreolaíoch oibríochtaí CMgS, mar aon leis an bhfeabhas atá curtha ar ár sraith de chláir agus an méadú atá tagtha ar líon na mac léinn, an Coláiste i réimse nua laistigh den Chóras Ardoideachais. Is tionscnaimh shuntasacha iad seo don Choláiste, ach is dúshláin iad go bhfuilimid ag súil go mór leo.

Tá tuilleadh eolais ar an méid thuas le fáil sa tuarascáil seo. Tá súil againn go bhfaigheann tú an t-eolas laistigh den tuarascáil suimiúil agus faisnéiseach agus sinn ag obair chun cuspóirí agus spriocanna ár bPlean Straitéiseach 2012-2016 a bhaint amach.

Oifig an Uachtaráin

Coláiste Mhuire gan Smál



# CLÁR


| | |
|---|---|
| Rialachas | 2 |
| Tírdhreach Seachtrach | 4 |
| Forbairt an Champais | 6 |
| Buaicphointí | |
| • Cláir | 7 |
| • Tionscadail & Gníomhaíochtaí | 9 |
| • Gradaim agus Éachtaí | 13 |
| • Obair Idirnáisiúnta | 18 |
| • Comhdhálacha & Seimineáir | 20 |
| • Rannpháirtíocht agus Cultúr an Phobail | 24 |
| • Spórt | 28 |
| Uimhreacha Céime | 33 |
| Líon na Mac Léinn | 34 |
| Úsáid Fuinnimh | 35 |
| Cairt Eagrúcháin | 36 |
| Cuntais | 37 |

# RIALACHAS



## IONTAOBHAITHE

Seo a leanas na hIontaobhaithe don tréimhse seo:

- An Sár-Oirmhinneach Brendan Leahy (Cathaoirleach)
- An tAth. Ró-Oirmhinneach Tony Mullins
- An Sr Thomasina Finn
- Maedhbh Uí Chiagáin Uas
- An Sár-Oirmhinneach Kieran OReilly
- An Sár-Oirmhinneach Raymond Browne
- Margaret O'Brien, Uas

**Tháinig na hIontaobhaithe le chéile ar na dátaí seo a leanas:**

14 Samhain 2015
13 Eanáir 2016
28 Aibreán 2016
4 Iúil 2016

## AN TUDARÁS RIALAITHE

**Seo a leanas ballraíocht an Údaráis Rialaithe don tréimhse seo:**

- An Sár-Oirmhinneach Brendan Leahy (Cathaoirleach)
- An tOllamh Michael Hayes
- An tOllamh Eugene Wall
- John Coady, Uas.,
- Catherine Kelly, Uas.,
- Fachtna O'Driscoll, Uas.,
- An Dr Áine Lawlor
- tUasal Seán McMahon Uas.,
- Margaret O'Brien Uas.,
- Mairead Horan Uas.,
- Declan Madden Uas.,
- An tSr Michele O'Kelly
- An Dr Nicholas O'Brien
- James Deegan Uas., *
- Alison Dervan Uas., *
- An Breitheamh Tom O'Donnell
- Caitríona Breathnach Uas.,
- Eamon Stack Uas.,
- Conn Murray Uas.,
- An tAth. Ró-Oirmhinneach Tony Mullins

**Bhuail AN BORD RIALAITHE ar na dátaí seo a leanas:**

7 Deireadh Fómhair 2015
16 Nollaig 2015
16 Márta 2016
15 Meitheamh 2016

## FOIREANN FHEIDHMIÚCHÁIN

Feidhmíonn an Fhoireann Fheidhmiúcháin mar ghrúpa comhairleach don Uachtarán maidir le bainistíocht laethúil an Choláiste. Cuimsíonn an Fhoireann Fheidhmiúcháin baill de ghrúpa bainistíochta sinsearach an Choláiste, atá ceaptha go díreach ag an Uachtarán.

### Ballraíocht

- An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán (Cathaoir leach)
- An tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla
- John Coady, Uas., Leas-Uachtarán Riaracháin agus Airgeadais
- An tOllamh Gary O'Brien, Comh Leas-Uachtarán Riaracháin
- An tOllamh Michael Healy, Comh Leas-Uachtarán Taighde
- An tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais
- An tOllamh Michael Breen, Déan na nDán

**Tháinig an Fhoireann Fheidhmiúcháin le chéile ar na dátaí seo a leanas le linn na tréimhse seo:**

10 Meán Fómhair 2015
30 Meán Fómhair 2015
21 Deireadh Fómhair 2015
12 Samhain 2015
11 Nollaig 2015
21 Eanáir 2016
18 Feabhra 2016
10 Márta 2016
14 Aibreán 2016
19 Bealtaine 2016
14 Meitheamh 2016
7 Iúil 2016

** Ceaptha mar Ionadaithe na Mac Léinn, athraíonn Uachtarán agus Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn de réir Thoghchán Bliantúil Aontas na Mac Léinn



## AN BORD ACADÚIL

**Ballraíocht**

- An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán (Cathaoir-leach)
- An tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla
- An tOllamh Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Comhlach ar Riarachán
- An tOllamh Michael Healy, Leas-Uachtarán Comhlach ar Thaighde
- An tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais
- An tOllamh Michael Breen, Déan na nDán
- An Dr Angela Canny, Déan Cúnta an Oideachais
- An Dr Patricia Daly – Ceann Roinn an Oideachais Speisialta
- An Dr Liam Chambers – Ceann Roinn na Staire
- An Dr Emer Ring – Ceann Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus na Staidéar Luath-Óige
- Eucharia McCarthy, Uas., Stiúrthóir ar an Aonad Forbartha Curaclaim
- An Dr Carol O'Sullivan – Ceann Roinn na Foghlama, na Sochaí agus an Oideachais Reiligiúnaigh
- James Deegan, Uas., Uachtarán Aontas na Mac Léinn*
- Alison Dervan, Uas., Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn*
- Tanya Carey, Uas., Oifigeach Iarchéime*
- Des Carswell, Uasal – Léachtóir, Oideolaíocht Mhachnamhach agus Staidéar Luath-Óige
- An tOllamh Jim Deegan, Ceann na Scoile Iarchéime
- An Dr Löic Guyon – Ceann Roinn na Fraincise
- Máire Ní Neachtain, Uasal – Ceann Roinn na Gaeilge
- An Dr Kerry Greer, Ceann Gníomhach Roinn na Síceo-laíochta
- An Dr Christiane Schönfeld – Ceann Staidéar na Gearmáinise
- An Dr Patrick Connolly, Cláraitheoir Cúnta
- An Dr Anne O'Keeffe, Stiúrthóir Teagaisc & Foghlama
- Gerardine Moloney, Uasal - Leabharlannaí
- An Dr John O'Shea – Comhordaitheoir Cúrsa, Clár Bhaitsiléir an Oideachais
- Diarmuid O'Driscoll, Uasal – Ceann Roinn na Mata-maitice agus Staidéar Ríomhaireachta
- Marie Ryan, Uasal – Comhordaitheoir Cúrsa, B Oid san Oideachas agus Síceolaíocht
- An Dr Niall Keane – Ceann Roinn na Fealsúnachta
- An Dr Deirdre Ní Chróomin – Ceann Gníomhach Roinn na nEalaíon, an Oideachais agus an Chorpoideachais
- n Dr Rosemary Day – Ceann Roinn Staidéar na Meán & Cumarsáide
- Seán De Brun, Uas., Ceann Roinne, Teanga, Litearthacht agus Matamaitic
- An Dr Cathal de Paor – Stiúrthóir ar Fhorbairt Leanúnach & Ghairmiúil
- An tOllamh Eamonn Conway – Ceann na Staidéar Diagachta & Reiligúnach
- An tOllamh Des McCafferty – Ceann Roinn na Tíreo-laíochta

**Bhuail an Chomhairle Acadúil le chéile ar na dátaí seo a leanas:**

23 Meán Fómhair 2015
18 Samhain 2015
26 Eanáir 2016
9 Márta 2016
10 Meitheamh 2016

** Ceaptha mar Ionadaithe na Mac Léinn, athraíonn Uachtarán agus Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn de réir Thoghchán Bliantúil Aontas na Mac Léinn

# TÍRDHREACH SEACHTRACH



HEA
Higher Education Authority
An tÚdarás um Ard-Oideachas

## COMHDHLÚTH FEIDHMÍOCHTA MISEAN-BHUNAITHE CMgS/ÚAO 2012-2016 & IDIRPHLÉ STRAITÉISEACH AGUS MAOINIÚ STRAITÉISEACH AN ÚAOt

Bhuail Bainistíocht an Choláiste leis an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) i mí Mheán Fómhair mar chuid den phróiseas um Idirphlé Straitéiseach inar tuairiscíodh go raibh CMgS 'ina institiúid atá ag feidhmiú ag leibhéal ard'. Cuireadh tús leis an bpróiseas measúnaithe nuair a chur gach Institiúid Ardoideachais tuairisc féinmheastóireachta ar ais. Déanann an measúnú sin athbhreithniú ar fheidhmíocht i gcoinne cuspóirí agus spriocanna atá leagtha amach sa chomhshocrú feidhmíochta agus a chomhaontaíodh go mbainfear amach iad roimh dheireadh 2014. Bhreithnigh an measúnú ar an dul chun cinn i gcoinne cuspóirí institiúideacha féin agus mar a rinneadh é a thagarmharcáil in aghaidh phiar-institiúidí. Bhí sé faoi réir ag athbhreithniú ag baill de Choiste Feidhmiúcháin an ÚAO le hionchur ó chomhairleoirí seachtracha - John Randall, Uas., (iar-Phríomhfheidhmeannach ar Ghníomhaireacht Dearbhaithe Cáilíochta Ardoideachais an Ríocht Aontaithe), an Dr Andree Sursock (EUA) agus an Dr John Hegarty (iar-Phropast TCD).

Reáchtáileadh sraith de chruinnithe institiúideacha déthaobhacha le linn Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair. Roimh gach cruinniú, tugadh cáipéis do gach institiúid dar teideal 'Reflections on Performance'. Leag sé seo aiseolas amach faoi gach ceannteideal sa chomhdhlúth feidhmíochta agus bhí sé mar bhonn le clár oibre an chruinnithe. Bhí iniúchóir próisis i láthair ag gach cruinniú déthaobhach. Chuir torthaí an mheasúnaithe CMGS sa chatagóir feidhmíochta is airde - Catagóir a hAon, rud a cheadaigh don ÚAO maoiniú feidhmíochta a scaoileadh don Choláiste maidir leis an leithdháileadh buiséid do 2016.

Cuireadh Bainistíocht an Choláiste ar an eolas faoi thoradh an phróisis Idirphlé Straitéiseach 2 ar 27 Mí na Samhna 2015. Chuir an ÚAO machnaimh ar fáil faoi fheidhmíocht an Choláiste sna réimsí seo a leanas a bhí ainmnithe ag an ÚAO: braislí réigiúnacha, rannpháirtíocht; cothroime rochtana agus foghlaim ar feadh an tsaoil; teagasc agus foghlaim den scoth agus caighdeán taithí na mac léinn; taighde agus nuálaíocht ardchaighdeáin atá iomaíoch go hidirnáisiúnta; rannpháirtíocht níos fearr le fiontar agus leis an bpobal agus malartú eolais leabaithe mar aon le hidirnáisiúnú agus comhdhlúthú institiúideach feabhsaithe. Níor moladh go ndéanfar aon athrú ar na spriocanna sa chomhshocrú. Fógraíodh torthaí na haighneachta Braisle Réigiúnaí i mí na Samhna freisin agus bronnadh €65,100 ar CMgS.


## BRAISLE RÉIGIÚNACH AN MHEÁN-IARTHAIR / CUIBHREANNAS SHIONAINNE

Tháinig Grúpa Stiúrtha Chuibhreannas Shionainne (ar a raibh triúr Uachtarán ó CMgS, ó Ollscoil Luimnigh agus ó ITL, faoi chathaoirleacht an Uasail Tim O'Connor) le chéile i mí an Mheithimh, mí Mheán Fhómhair agus mí an Mhárta chun obair a chur chun cinn ar roinnt réimsí comhoibre lárnacha agus láithreacha, forbairt na hInstitiúide Náisiúnta um Staidéir i gCúrsaí Oideachais (NISE), cruthú Scoil Chónaidhme Iarchéime, pleanáil acadúil réigiúnach agus forbairt ar chlár feabhsaithe sna Daonnachtaí.



# FORBAIRT AN CHAMPAIS





## LEABHARLANN

Cuireadh Tuarascáil faoi Staidéar Féidearthachta na Leabharlainne / an Ionaid Acmhainní Foghlama faoi bhráid ionadaithe Aonad Foirgníochta an ÚAO i mí Mheán Fómhair 2015 a dheimhnigh go raibh siad ag teacht le moladh an Staidéir Fhéidearthachta go gcuirfeadh foirgneamh iomlán nua Leabharlainne, mar aon le leagan go talamh na Leabharlainne reatha, an rogha is oiriúnaí. Tar éis próiseas soláthair oscailte, bronnadh an tairiscint deartha i mí Eanáir 2016 ar fhoireann faoi stiúir Scott Tallon Walker Architects, comhlacht a bunaíodh le fada agus atá aitheanta mar cheann de phríomhchleachtais Ailtireachta na hÉireann. I mí Lúnasa nochtadh na pleananna nua do Leabharlann/Ionad Acmhainní Foghlama a sheasfaidh an aimsir agus cuireadh iarratas pleanála isteach chuig Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Measfar go mbeidh costas de bheagnach €21 milliún ar an bhfoirgneamh de 5,000m2 a thógfar i gcroílár an champais agus a bheidh tógtha in áit na leabharlainne atá ann anois ach atá imithe as dáta. Toisc an áit ina mbeidh an foirgneamh lonnaithe i gcomhthéacs Teamhair agus na Cearnóige atá ann cheana fhéin beifear in ann sean-fhoirgneamh na leabharlainne a leagan go talamh ar mhaithe le Cearnóg agus le spás cathartha amuigh faoin spéir a chruthú. Laistigh den bhfoirgneamh beidh réimse suíomhanna foghlama ó limistéir staidéir chiúine go seomraí bríomhara um ghrúpobair. Beidh os cionn 550 áit ann do staidéar, agus beidh breis agus 170,000 imleabhar ann. Beidh léachtlann 288 suíochán, seomraí eagarthóireachta do na meáin, stiúideo meán, seomraí seimineáir, oifigí foirne agus na spásanna coimhdeacha go léir atá riachtanach do leabharlann ardoideachais ar fáil sa Leabharlann/Ionad Acmhainní Foghlama.

## TIONSCADAL CAMPAS JOHN HENRY NEWMAN

Críochnaíodh ceannach an chlochair Chnoc Naomh Uinseann ó Shiúracha na Trócaire, agus bronnadh conradh na n-oibreacha ar Monami Construction Ltd (mar thoradh ar phróiseas tairisceana poiblí). Thosaigh Monami ag obair ar 1 Feabhra 2016.

Claochlófar an foirgneamh mar thoradh ar na hoibreacha athphéinteála, deisiúcháin agus athchóirithe agus cuirfear áiseanna ardoideachais den chéad scoth ar fáil ar champas John Henry Newman dá bharr.

Táthar cheana fhéin ag baint úsáide as an gcuid den bhfoirgneamh ar Chnoc Naomh Uinseann a críochnaíodh i mí Lúnasa, agus tá dul chun cinn déanta ar oibreacha ar na codanna eile d'fhoirgneamh an Chnoic. Tá na codanna eile le críochnú roimh mhí na Nollag 2016. Críochnaíodh an nasc díreach nua do choisithe/rothaithe agus tá sé in úsáid anois, rud a chuireann nasc ar líne dhíreach ar fáil idir phríomhgheata iontrála CMgS agus campas John Henry Newman. Nuair a chuirfear tús leis an gcéad seimeastar acadúil eile i mí Eanáir 2017, bainfear úsáid iomlán as campas John Henry Newman mar phríomh-mhol um ghníomhaíocht Iarchéime agus Taighde le líon suntasach d'oifigí ann do bhaill na foirne acadúla.

## CMGS DURLAS



Déanfaidh na tionscadail chaipitiúla uaillmhianacha seo soláthar do líon méadaithe na mac léinn ag CMgS, a mhéadaigh 16% i 2015, rud a chiallaíonn go bhfuil níos mó ná 3,500 mac léinn cláraithe linn anois. Mhéadaigh líon na mac léinn níos mó tar éis ionchorprú Coláiste Phádraig, Durlas, ar tugadh ainm nua dó: CMgS, Campas Phádraig, Durlas. Mar thoradh ar an ionchorprú seo, is institiúid ilchampais anois é CMgS a thairiscíonn naoi gclár fochéime san Oideachas agus sna Dána, chomh maith le raon leathan de dheiseanna um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí mar aon leis an iliomaid deiseanna go leibhéal na Máistreachta agus na Dochtúireachta. Téann na forbairtí seo go mór le Plean Straitéiseach 2012-2016 an Choláiste. Tá sé mar aidhm ag ceann de philéir Phlean Straitéiseach an Choláiste timpeallacht foghlama an Choláiste a fheabhsú agus láthair oibre den chaighdeán is airde a sholáthar mar aon le caighdeán eispéireas na mac léinn iarchéime sa choláiste a fheabhsú.

# CLÁIR



Clé go Deas: An Dr. Michael Finneran, Stiúrthóir an Chláir; An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán CMgS; Joan Sheehy, ball den Chomhairle Ealaíon agus déantóir téatair; An tAire Jimmy Deenihan, Aire UM GHnóthaí Diaspóra agus Louise Donlon, Bainisteoir an Amharclann Chrann Teile.

**BA i Léann na hAmharclannaíochta Comhaimseartha & Feidhmí**

Tháinig mic léinn isteach i mí Mheán Fómhair 2015 ar an gcéad chlár BA i Léann na hAmharclannaíochta Comhaimseartha & Feidhmí (BA CATS), seolta go hoifigiúil ag an Aire Jimmy Deenihan. Is clár céime onóracha ceithre bliana é an BA (CATS) a cheap an Dr. Michael Finneran agus atá lonnaithe laistigh de Roinn na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta de chuid Dhámh na nDán. Clúdaíonn an chéim uathúil seo réimsí cosúil le hAmharclannaíocht Chomhaimseartha na hÉireann; Amharclannaíocht do Lucht Féachana Óga, Staidéar Feidhmíochta, Oideachas na Drámaíochta; Amharclann Dhigiteach; Polasaí & Riarachán Cultúrtha; Stiúradh don Amharclann, Amharclannaíocht Pobail, agus beidh roghanna socrúcháin oibre gairmiúla i suíomh amharclainne comhaimseartha nó feidhmiúil san áireamh. Anuas ar seo beidh buntáistí uile na céime sna dána ag an gclár sa mhéid is nach mbeidh na scileanna riachtanacha ag gairmithe an chúrsa chun tabhairt faoi ghairm beatha i réimse na nDán ach go mbeidh siad in ann smaoineamh go cruthaitheach agus go neamhspleách. Beidh na scileanna in-aistrithe acu atá riachtanach chun obair ar a dtionscnamh féin nó mar chuid d'fhoireann, scileanna atá thar a bheith luachmhar d'fhostóirí. Tugadh tionscadal oidhreachta ar an BA CATS atá mar chuid de thiomantas CMgS do Chathair Chultúir Luimnigh agus tá sé ag teacht le Piléar 2 de Phlean Straitéiseach 2012-2016 an Choláiste.







# BUAICPHOINTI **15-16**



## MA sa Teangeolaíocht Fheidhmeach

I mí Mheán Fómhair tugadh isteach an chéad chohórt de mhic léinn ar MA i dTeangeolaíocht Fheidhmeach. Cuireann an tsamhail cúrsa ar líne seo rochtain ar fáil do rannpháirtithe ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, rud a cheadaíonn níos mó solúbthachta agus inrochtaine do rannpháirtithe. Tá an cúrsa dírithe ach go háirithe ar Mhúinteoirí Béarla le taithí agus ar ghairmithe eile i réimse an Bhéarla.



## Máistir sna Dána in Oideachas agus i bhFolláine an Duine Bhreacaosta

I mí Mheán Fómhair chomh maith chonacthas an chéad iontógáil de mhic léinn ar chlár nuálach nua na Máistreachta sna Dána in Oideachas agus i bhFolláine an Duine Bhreacaosta. Tugann an clár tráthúil agus ábhartha seo aghaidh ar Shochaí Aosaithe agus ar Shocheolaíocht an Aosaithe, ar Shíceolaíocht an Aosaithe agus ar Aosú Gníomhach, chomh maith le Ceannaireacht agus le hAbhcóideacht. Tá an clár seo dírithe orthu siúd atá ag obair le daoine scothaosta, ar chúramóirí neamhfhoirmiúla agus foirmiúla agus ar dhaoine aosta iad féin. Beidh suim ag Cleachtóirí Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus ag daoine atá ag obair san earnáil oideachais fhoirmiúil agus san earnáil aosach sna cláir freisin.



Sa phictiúr ó chlé go deas: John Coady, Leas-Uachtarán Riaracháin & Airgeadais, CMgS; Marion Brennan, Luath-Óige Éireann; Teresa Heeney, POF, Luath-Óige Éireann; Patsy Stafford, Roinn Froebel, Ollscoil Mhaigh Nuad; An tOllamh Marie McLoughlin Ceann Roinn Froebel um Oideachas Bunscoile agus Luath-Óige, Ollscoil Mhá Nuad; An Dr.Emer Ring, Ceann na Roinne Oideolaíochta Machnamhaí agus Staidéar Luath-Óige, CMgS; An Dr.Patsy Daly, Ceann na Roinne Oideachais Speisialta, CMGS agus Fintan Breen, CMgS.

## Teastas i gCeannaireacht do Chuimsiú sna Luathbhlianta

Bronnadh tairiscint ar an gColáiste ón Údarás um Ard-Oideachas don Chláir Náisiúnta um Ard-Oideachas do Chomhordaitheoirí um Chuimsiú i Suímh Luathbhlianta. Is sprioc thábhachtach í seo don Choláiste toisc go mbeidh 3,600 mac léinn breise curtha le daonra an choláiste dá bharr, táthar ag súil go sroichfidh an daonra mac léinn úd 5,000 faoin mbliain 2020. Níos tábhachtaí fós, neartóidh an clár nua seo seasamh CMgS mar cheannródaí i réimse na luathbhlianta agus oideachas múinteoirí. Cinnteoidh sé freisin go leanfaimid ar aghaidh ag soláthar oideachasóirí agus múinteoirí den scoth ón réamhscolaíocht tríd an bhunscolaícht agus an mheánscolaíocht chomh maith leis an tríú leibhéal agus an ceathrú leibhéal den ardoideachas. Bronnfar Dámhachtain Sainchuspóra (Leibhéal 6 - Ardoideachas) ón gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí i gCuimsiú Leanaí le Míchumas i Suímh Luathbhlianta ar chéimithe rathúla an chláir.



An tOllamh Gary O'Brien, Comh Leas-Uachtarán Riaracháin, le mic léinn ón mBonnteastas d'Fhoghlaimeoirí Lánfhásta.

## Bonnteastas d'Fhoghlaimeoirí Lánfhasta agus an Clár Réamh-Ollscoile (PUP)

Reáchtáileadh searmanas na nDámhachtainí Oideachais d'Aosaigh ar 23 Meitheamh 2016 i gCMgS le 27 foghlaimeoir lánfhásta ó aoisghrúpaí agus ó chultúir éagsúla ag baint céimeanna amach ón dá chlár rochtana do dhaoine fásta, an Bonnteastas d'Fhoghlaimeoirí Lánfhasta agus an Clár Réamh-Ollscoile (PUP). Ó bunaíodh é i 2001, tá breis is 800 mac léinn tar éis an clár a chur i gcrích le níos mó ná 400 mac léinn Bhonnteastais ag dul ar aghaidh go dtí an BA, BA ECCE, na céimeanna B Oid agus B Oid san Oideachas & sa tSíceolaíocht ar an mbealach seo. Is clár rochtana páirtaimseartha é an Clár Réamh-Ollscoile do mhic léinn lánfhásta – cuirtear an clár ar fáil lasmuigh den champas, i suíomh pobail agus tá sé deartha mar chéim ar an aistear i dtreo chláir rochtana eile cosúil leis an mBonnteastas. I mbliana, chuir CMgS an clár ar fáil i gcomhar le Grúpa Seirbhísí Pobail Bantiarna Lourdes i Ros Uí Bhriain agus bronnadh dámhachtainí ar 12 mac léinn ón gclár.

# BUAICPHOINTÍ 15-16

## TIONSCADAIL & GNÍOMHAÍOCHTAÍ



Ag Lá Taighde CMgS bhí, ó chlé: An tOllamh Jim Deegan, Ceann Scoil na gCéimithe, CMgS; An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán CMgS; Fintan Bracken, Leabharlannaí um Sheirbhísí Taighde agus Bibliméadrachta, Ollscoil Luimnigh agus an tOllamh Michael Healy, Leas-Uachtarán um Thaighde, CMgS.

### Lá Taighde CMgS 2015

Reáchtáileadh Lá Taighde Bliantúil na bliana seo i gColáiste Mhuire gan Smál ar an 1 Meán Fómhair, le cúnamh airgeadais ón gColáiste tríd an Scéim Maoinithe Síolchiste. Mar chuid d'imeachtaí an lae tuairiscíodh faoi 24 tionscadal taighde éagsúla a maoiníodh tríd an scéim seo, ina meascsiúd bhí cuir i láthair ar thopaicí cosúil le Dearcthaí Nua san Oideachas Ealaíon; Líonra na hÉireann um Léann Gotach; Polaitíocht an Cheoil agus Chultúrtha san Afraic Thuaidh; Luimneach Domhanda: Ag cruthú Príomhchathracha trí chomhpháirtíocht dhomhanda: cás réigiún Luimnigh agus a dhiaspóra, agus Scrúdú ar strus féintuairiscithe I measc mic léinn oideachais fhochéime agus iarchéime. Mar chuid lárnach de Lá Taighde 2015 bhí an seisiún comhchéime ar an ábhar seo a leanas: 'Purposes and Principles of the National Framework for Doctoral Education' faoi stiúr ag Muiris O' Connor, Uas., ón ÚAO.



### Cónaitheoir Cónaithe

Chuir an cumadóir Anne-Marie O'Farrell tús lena dara bliain mar chumadóir cónaithe ag CMgS. Tá an chónaitheacht suite laistigh den roinn Oideachas Ealaíon & Chorpoideachais, i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon agus le hAmharclann Chrann Teile, agus is í An Dr.Ailbhe Kenny atá mar chomhordaitheoir na scéime. D'oibrigh Anne-Marie le mic léinn B Oid, MGO, BA agus MA le linn an tseimeastair chomh maith chun cur le saol ceoil an choláiste ina iomláine trí choimisiúin agus trí léirithe nua.



Sa phictiúr ag oscailt an taispeántais sa Seomra Ranga Stiúideo, a reáchtáileadh i gColáiste Mhuire gan Smál, bhí (ar chúl ó chlé go deas) An Dr Ann Higgins, Comhordaitheoir ar Thionscadal TED (Claochlú an Oideachais trí Chomhphlé); Eucharia McCarthy, Stiúrthóir ar an Aonad Forbartha Curaclaim, CMgS; ealaíontóir rannpháirteach Julie Brazil, múinteoir Cushla Hehir ó Bhunscoil na Toirbhearta; Anne Marie Morrin, léachtóir sna hAmharcealaíona, CMgS; An Dr. Sandra Ryan, Cathaoirleach Thionscadal TED agus Ruth Bourke, Tionscadal TED.

### Tionscadal 'Studio Classroom'

Is comhoibriú é an tionscadal 'The Studio Classroom' idir 'Claochlú Oideachais trí Chomhphlé (TED), an Aonad Forbartha Curaclaim (Baill foirne: Ruth Bourke agus An Dr.Ann Higgins) agus foireann na nAmharcealaíon (Anne Marie Morrin). Ba é an taispeántas 'The Virtually There' de chuid Kids Own (2014) a spreag an tionscadal. Is tionscadal comhoibritheach oideachais, ealaíne agus taighde é 'The Studio Classroom' ina raibh triúr fhísealaíontóir (Jean Cleary, Julie Brazil agus Kate McElroy) páirteach ann mar aon le trí bhunscoil PLUS ag Banda 1 de chuid PLUS (Bantiarna Lourdes, Scoil Náisiúnta Naomh Mhuire, Bunscoil na Toirbhirte) agus leanaí ó rang a hAon go rang a Sé a d'fhorbair a gcleachtas ealaíne trí chónaitheachtaí ar líne. Ba é príomhfhócas Seomra Ranga Stiúideo ná chun bealaí nuálacha a chur chun cinn d'ealaíontóirí, do mhúinteoirí bunscoile agus do dhaltaí chun dul i ngleic le cleachtas ealaíne agus freagairt dó. Léirigh an nasc a cruthaíodh idir an trí ealaíontóir agus an trí bhunscoil an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht fhíorúil chun an stiúideo agus an seomra ranga a cheangal le chéile ar mhaithe le cleachtas comhoibríoch ealaíon a chruthú. Dhírigh na ceardlanna ar an bpáiste agus ar an samhlaíocht agus bealaí nuálacha á gcur chun cinn acu inar féidir le páistí freagairt d'obair ealaíontóirí trí oibriú go díreach le healaíontóirí. Ba cheardlanna ildisciplíneacha a bhí i gceist; deineadh iad a dhearadh agus a fhorbairt i gcomhar leis na múinteoirí ranga. Spreag an tionscadal ealaíontóirí, múinteoirí agus páistí chun a gcruthaitheacht féin a iniúchadh tríd na dúshláin a tháinig chun cinn le linn an tionscadail.

# BUAICPHOINTI **15-16**



## Seachtain Mhatamaitice 2015

Tháinig os cionn 100 leanbh chuig campas Choláiste Mhuire gan Smál ar an 14 Deireadh Fómhair do mhaidin de ghníomhaíochtaí matamaitice. Bhí sé seo ar cheann de na himeachtaí don tSeachtain Mhatamaitice is mó sa tír a raibh páistí bunscoile páirteach iontu agus b'iad An Dr.Aisling Leavy, An Dr.Mairead Hourigan, Maura Walsh agus Claire Carroll (baill uile d'fhoireann oideachais na matamaitice) a bhí i mbun na hócáide. Tháinig páistí ó Scoil Mháthair Dé, Scoil Náisiúnta an Choinicéir, Scoil Náisiúnta Naomh Fheargus, An Gleann agus SN Naomh Mhichíl ar Chearnóg Pery.




Sa phictiúr ó chlé go deas: An Dr. Brendan O'Keeffe, Roinn na Tíreolaíochta, CMgS agus údar na tuarascála; An Dr. Emer Ring, Ceann Roinne, An Roinn Oideolaíochta Machnamhaí agus Staidéar Luath-Óige, CMgS; Michael O'Regan, Comhfhreagraí Dála 'an Irish Times' agus Lisha O'Sullivan, An Roinn Oideo-laíochta Machnamhaí agus Staidéar Luath-Óige, CMgS.

## Tugann léachtóir CMgS faoi cheann de na píosaí taighde is suntasaí a rinneadh riamh in Éirinn maidir le beogacht tuaithe

Ba é An Dr.Brendan O'Keeffe, Roinn Tíreolaíochta, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach a rinne ceann de na píosaí taighde ba shuntasaí a rinneadh ar bheocht tuaithe riamh in Éirinn. Is é Comhfhreagraí Dála 'Irish Times' Michael O'Regan a sheol an tuarascáil, dar teideal 'Rural Vibrancy on North West Europe – the case of South Kerry', i mí na Samhna agus rinneadh é mar chuid de thionscadal Comhghuaillíochtaí Tuaithe INTERREG; bhí Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas (SKDP ) páirteach sa tionscadal seo chomh maith. D'fheidhmigh Coláiste Mhuire gan Smál mar chomhpháirtí acadúil Pháirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas le linn an tionscadail ceithre bliana a chuimsigh torthaí ó shuirbhéanna a rinneadh le níos mó ná 100 eagraíocht sochaí sibhialta agus le 1,000 duine ar fud Chiarraí Theas.




Sa phictiúr ag seoladh Aonach Eolaíochta Bunscoile Luimnigh Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath i gColáiste Mhuire gan Smál, bhí (clé go deas): An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán CMgS; Jan O'Sullivan, T.D. An tAire Oideachais agus Scileanna; Matt Dempsey, Uachtarán ar Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath agus Liam Connellan, Stiúrthóir ar an gComhpháirtíocht Ghael-Mheiriceánach

## Aonach Eolaíochta Bunscoile an RDS

I mí Eanáir tháinig Aonach Eolaíochta Bunscoile an RDS chuig Coláiste Mhuire gan Smál. Ba é seo an chéad uair gur reachtáileadh an ócáid lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Mheall an ócáid níos mó ná 60 scoil ó cheann ceann na hÉireann, le gach spás lán ag an Aonach ina raibh seans tionscadail éagsúla a thaispeáint. Tá an t-aonach mar chuid de chlár Eolaíochta agus Teicneolaíochta an RDS a bhfuil sé mar aidhm ag an gclár scileanna matamaitice agus eolaíochta daltaí bunscoile a fhorbairt trí nuálaíocht oideachais a chothú, trí mhuinín níos airde a thabhairt do mhúinteoirí maidir le múineadh ha heolaíochta agus leas a bhaint as fiosracht nádúrtha na bpáistí chun na bunchlocha an fhiosrúcháin eolaíoch a thabhairt dóibh. Tionóltar Aonach Eolaíochta Bunscoile an RDS Luimneach i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Ghael-Mheiriceánach agus le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach agus ó Thaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT. D'oscail an tAire Oideachais agus Scileanna, agus TD áitiúil Luimnigh, Jan O'Sullivan Aonach Eolaíochta Bunscoile an RDS Luimneach ar an 15 Eanáir.







Mic léinn rannpháirteacha in éineacht le Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Liam Galvin (sa lár) agus Liam Sheedy, Bainisteoir Réigiúnach agus iarbhainisteoir ar fhoireann sinsir iománaíochta Thiobraid Árann (ar chúl, ar chlé)

## ACADAMH IDIRBHLIANA DE CHUID BHANC NA HÉIREANN

Reachtáil CMgS an chéad Acadamh Idirbhliana de chuid Bhanc na hÉireann nuair a d'fhreastail 30 dalta Idirbhliana ó Luimneach ar Acadamh na hIdirbhliana de chuid Bhanc na hÉireann i mí Feabhra d'fhonn scileanna gnó agus saoil a fhoghlaim. Ba é seo an chéad uair a tionóladh an tAcadamh áirithe seo lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus bhí áthas ar CMgS an chéad acadamh réigiúnach a reachtáil i Luimneach.



An tOllamh Eamonn Conway, Ceann Diagachta agus Staidéar ar Reiligiún, CMgS, (sa lár) sa Róimh agus é ag bronnadh cóipe den leabhar 'Companion and Study Guide to the Encyclical Praise Be To You by Pope Francis' scríofa ag an tOllamh Conway agus Cathal Barry ón nuachtán 'The Irish Catholic'.

## Bronnann an tOllamh Eamonn Conway Treoir Staidéar ar an bPápa

Bhronn an tOllamh Eamonn Conway, Ceann Diagachta agus Staidéar ar Reiligiún, i gColáiste Mhuire gan Smál cóip den leabhar 'Companion and Study Guide to the Encyclical Praise Be To You by Pope Francis' ar a Naofacht, Pápa Proinsias. Is iad an tOllamh Eamonn Conway agus Cathal Barry, ón nuachtán 'The Irish Catholic', comh-údair an treoirleabhair faoi conas tabhairt faoi staidéir ar imlitir shuntasach ón bPápa faoin dtimpeallacht, le réamhrá agus is é Éamonn Meehan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Trócaire, a scríobh an réamhrá.



Ó chlé: An tOllamh Michael Hayes, an tUrr Kenneth Kearon, Easpag Luimnigh Eaglais na hÉireann, Paramjit Neote, ionadaí ón bpobal Suícigh, réigiún an Iarthair Láir agus an tEaspag Brendan Leahy ag freastal ar an Sionad.

## Sionad Deoise Luimnigh

Bhí an-áthas ar an gColáiste Sionad Deoise Luimnigh stairiúil a óstáil ar an 8, 9 agus 10 Aibreán, nuair a rinne os cionn 400 toscaire machnamh ar 100 moladh faoi théamaí éagsúla, an pobal agus braistint muintearais, cúram tréadach an teaghlaigh, daoine óga, an liotúirge agus an saol, foirmiú creidimh agus oideachas, agus samhlacha nua ceannaireachta ina measc.




# BUAICPHOINTI **15-16**



***League of Legends***

Is ócáid bhliantúil é an *League o' Legends* a reachtáiltear i mí an Mheithimh de ghnáth, ina nglacann scoileanna PLUS páirt i gcomórtas sacair tait-neamhach i gCMgS. Is líonra é PLUS, tionscnamh de chuid TED, ina bhfuil gach bunscoil de chuid DEIS Luimnigh Banda a hAon. Tá sé mar aidhm ag an gcomórtas comhpháirtíochtaí a chruthú idir scoileanna agus an Coláiste agus deis a thabhairt do na daltaí iniúchadh a dhéanamh ar a bhfuil le tairiscint ag campas tríú leibhéal agus an coimpléasc spóirt a úsáid.



**Campaí Samhraidh um Oideachas *Lego***

D'fhreastail breis agus 340 nuálaí den todhchaí, idir 5 agus 12 bliana d'aois, ar Champaí Samhraidh *Learnit 2016* i rith mhí Iúil agus Lúnasa. Ofráileadh na campaí, a fuair tacaíocht ón Aonad Forbartha Curaclaim/TED i gcomhar le Dámh an Oideachais TFC, ar champas CMgS agus in Ionad Oideachais an Chláir araon. Bhain leanaí úsáid as táirgí éagsúla *LEGO Education* chun bunghnéithe innealtóireachta struchtúraí a chíoradh mar aon leis na castachtaí róbataice agus innealtóireacht bogearraí (códú) atá riachtanach chun iad a oibriú. Trí cheardlanna praiticiúla, d'fhorbair páistí raon leathan scileanna i réimsí ar nós STEM, cumarsáid, obair foirne, réiteach fadhbanna agus i bhfad níos mó. Ar an mbealach céanna, d'fhreastail 12 múinteoir ar fhorbairt ghairmiúil ar feadh seachtaine go luath i mí Iúil faoi úsáid na foirgníochta chun teicneolaíocht agus foghlaim sa Churaclam Bunscoile a fheabhsú. Mhaoinigh TED forbairt an tionscnaimh seo.



# BUAICPHOINTÍ 15-16

## GRADAIM AGUS NA SPRIOCANNA A BAINEADH AMACH



Clé go Deas: An tOllamh Michael Healy, Comh Leas-Uachtarán Taighde, An Dr. Rebecca Breen, An Dr Noel O'Connell agus An Dr. Gerard Downes.

**Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann**

D'éirigh leis an Dr Noel O'Connell san iarratas a chur sé isteach ar Scéim Iomráiteach Chomhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann dá thionscadal den teideal: 'Belonging: An auto ethnography of a life in sign language'. Bhí taighde iardhochtúireachta an Dhochtúir Uí Chonaill dírithe ar cheist a bhaineann go sonrach leis an bpobal: conas caighdeán an oideachais agus an tsaoil shóisialta a thuiscint agus a fheabhsú do dhaoine atá bodhar.




Sa phictiúr tá Annemarie Brosnan leis an Ollamh Michael Healy, Comh Leas-Uachtarán Taighde

**Dámhachtain Mac Léinn *Fulbright***

Bronnadh gradam Fulbright Mac Léinn ar Annemarie Brosnan, mac léinn PhD i Roinn na Staire, chun am a chaitheamh ag bailiú ábhar taighde in Ollscoil North Carolina agus in áiteanna eile sna Stáit Aontaithe. Is é topaic taighde Annemarie ná Oideachas Freedman i North Carolina le linn an Chogaidh Chathartha agus Ré na hAthfhoirgníochta, 1861-1876.




**Gradam Náisiúnta na Meán Digiteach**

Bronnadh an Gradam Óir ar Bhua na Caintem clár de chuid Martina Ní Fhátharta agus Sheán de Brún, Léachtóirí CMgS, a bhfuil duaiseanna bainte amach aige, ag an nGradam Náisiúnta do na Meáin Dhigiteacha sa Ghnó Digiteach.



An Dr.Loïc Guyon, Ceann Roinn Léann na Fraincise i gCMgS

**Ordre des Palmes Académiques *(Order of Academic Palms)***

I mí na Samhna bhronn Ambasáid na Fraince an Ordre des Palmes Académiques (Ord na bPailíní Acadúla) ar An Dr.Loïc Guyon, Ceann Roinn na Staidéar Fraincise ag CMGS. Is Ord Chivalry Francach é an Ordre des Palmes Académiques do lucht léinn agus do fhigiúirí cultúrtha agus oideachais.

AMOPA Irlande

# BUAICPHOINTI **15-16**



An Dr. Ailbhe Kenny, léachtóir in Oideachas an Cheoil, CMgS; An tOllamh Michael Healy, Comh Leas-Uachtarán Taighde; An Dr. Eoin Flannery, léachtóir i Roinn Teanga agus Litríochta an Bhéarla, CMgS, agus An Dr. Gwen Moore, léachtóir agus comhordaitheoir an chláir MA in Oideachas an Cheoil, CMgS.

## Gnóthaíonn Acadóirí CMgS Dámhachtainí 'New Foundation' ón gComhairle um Thaighde in Éirinn

Ainmníodh An Dr.Ailbhe Kenny, léachtóir in Oideachas an Cheoil, CMgS; An Dr.Gwen Moore, léachtóir agus comhordaitheoir an chláir mháistreachta in Oideachas an Cheoil, CMgS agus An Dr.Eoin Flannery, léachtóir i Roinn Teanga agus Litríocht an Bhéarla i gCMgS mar fhaighteoirí New Foundations Awards' ón gComhairle um Thaighde in Éirinn in Aibreán. Tá sé mar aidhm ag na dámhachtainí tacú le taighdeoirí incháilithe ar mhian leo tabhairt faoi ghníomhaíochtaí taighde, faoi líonrú agus / nó faoi ghníomhaíochtaí scaipthe laistigh agus trasna réimse disciplíní.



Dáithí McMahon, ó Lios Tuathail, Co. Chiarraí agus mac léinn PhD i Roinn na Meán agus Staidéar Cumarsáide i gColáiste Mhuire Gan Smál.

## Mac Léinn PhD CMGS Ainmnithe do Dhámhachtain Prix Europa

Ainmníodh Daithí McMahon, mac léinn PhD i Roinn na Meán agus Staidéar Cumarsáide ag CMgS, do Dhámhachtain iomráiteach Prix Europa sa chatagóir ficsin raidió. Is é Daithí McMahon ó Henchman Productions a léirigh an dráma raidió 'William Melville: The Queen's Detective', a chomhscríobh an dráma in éineacht le Fred O'Connor. Bronnann PRIX EUROPA - Féile Craolacháin na hEorpa, dámhachtain ar na léirithe Eorpacha Teilifíse, Raidió agus Ar Líne is fearr gach bliain chun iad a phoibliú ar fud na hEorpa agus chun tacú lena ndáileadh agus lena n-úsáid ar fuaid na mórroinne.




Mic léinn CMgS, Liese Gubbins agus Sinead Butler, ag glacadh ar son Wired FM le gradam CRAOL don Chlár Urlabhra is Fearr ó Mary Lennon, Cathaoirleach CRAOL

## Sciobann WIRED FM an iliomaid duaiseanna leo ag na Dámhachtainí um Raidió Pobail 2015

I mí an Mheithimh, bhain Wired FM amach ar a laghad trí cinn as ceithre ghradam a d'fhéadfadh a bheith buaite acu ag na Gradaim Náisiúnta Raidió Pobail (CRAOL) - an líon is mó gradaim a bronnadh ar aon stáisiún raidió amháin. Tugann Gradaim Ghnóthachtála CRAOL aitheantas do thiomantas agus don obair chrua a chuireann go leor leor daoine isteach i stáisiúin raidió pobail chun a chinntiú go bhfeidhmíonn siad ar ghuth malartach cumhachtach ina bpobail fhéin. Bhuaigh mac léinn sna Meáin, Jazmyn Joyce, Catagóir an Cheoil lena clár 'An Seo Ceol Gaelgach'; bronnadh an gradam is fearr sa Chatagóir Urlabhra do seó ealaíne ar Wired FM dá chlár speisialta, Many Angles, agus bhuaigh Wired FM dámhachtain speisialta dá seó um chraoladh seachtrach mar chuid den Seú Féile Scannán Luimnigh faoin gcatagóir Cláir Speisialta.



Clé go Deas: An Dr.Christiane Schönfeld, An Dr.Britta C. Jung, An Dr.Sabine Egger

## An Chéad PhD Idirnáisiúnta trí Taighde bronnta ag CMgS

Nuair a d'éirigh leis an Dr Britta Jung a tráchtas a chosaint go rathúil in Ollscoil Groningen san Ísiltír i mí na Nollag, b'é an chéad Chomh-PhD le Taighde a rinne Coláiste Mhuire gan Smál i gcomhar le hollscoil comhpháirtíochta idirnáisiúnta.



An tAthair de Bhál le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Sáirséal

**Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann - Dámhachtain um Ceannaireacht Náisiúnta**

Bronnadh dámhachtain um Cheannaireacht Náisiúnta ar an Athair Michael Wall, Séiplíneach CMgS, ón IPPN, Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann. Tugann na Dámhachtainí Ceannaireachta onóir agus aitheantas do dhaoine aonair a léiríonn cáilíochtaí ceannaireachta eisceachtúla agus go mbíonn tionchar acu ar dhaoine eile trína ngníomhartha. Ba í Bríd Ní Gháirbhith, Príomhoide Ghaelscoil Sáirséal, Luimneach, a d'aimnigh an tAthair de Bhál as ucht na hoibre gan staonadh atá déanta aige mar Chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta agus mar sin is é an chéad Chathaoirleach é gur tugadh an onóir seo dó.




An Dr.Anne Dolan, léachtóir sa Tíreolaíocht Bhunscoile,



Anne Marie Morrin - Oideoir Amharcealaíon

**Dámhachtain um Shaineolaithe Teagaisc an Fhóraim Náisiúnta**

Bhí Anne Marie Morrin, Oideachasóir sna hAmharcealaíona agus An Dr. Anne Dolan, léachtóir i dTíreolaíocht Bhunscoile ar an ngearrliosta do Ghradam Saineolaithe Teagaisc an Fhóraim Náisiúnta 2015, bhíodar i measc 20 a bhí ar an ngearrliosta don chéad bhliain de na dámhachtainí. Tá sé mar aidhm ag na Gradaim Saineolaithe Teagaisc Náisiúnta sain-mhúinteoirí a aithint a bheadh mar shamhlacha na sármhaitheasa sa teagasc agus go bhfuil a gcuid eolais faoi thionchar foghlama láidir agus bunaithe ar fhianaise. Cuireadh na hainmniúcháin do Shaineolaithe Teagaisc óna hinstitiúidí éagsúla faoi phróiseas measúnaithe dian ó Phainéal idirnáisiúnta de Shaineolaithe Teagaisc. Bhí ainmniúchán Anne Marie agus Anne bunaithe ar a gcuid oibre idirdhisciplíneach nuálaíoch le mic léinn B Oid sa tríú bliain i réimsí na hAmharc-Ealaíne agus na Tíreo-laíochta Bunscoile.



An buaiteoir Jason Reddan (sa lár) leis an mbreitheamh ón bpainéil, Tony Tormey ó Fair City

**BAINEANN MAC LÉINN CMGS DÁMHACHTAIN NÁISIÚNTA AMACH DO SCANNÁN GEARR**

Bhuaigh Jason Reddan, mac léinn céad bhliana sna Dána, as Cill Liaile, Luimneach dámhachtain náisiúnta le déanaí as ucht a ghearrscannán 'Who Cares'. Is é atá sa chomórtas ghearrscannáin seo ná tionscnamh ó Sheirbhísí Meabhairshláinte Naomh Pádraig chun aird a dhíriú, ar bhealach cruthaitheach, ar cheist na meabhairshláinte.

# BUAICPHOINTI **15-16**



An Dr.Siobhan Howard (sa lár) leis (ó chlé go deas): An Ollamh Mary E. Daly, Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann; An Ollamh Peter Kennedy, Rúnaí Beartais agus Caidrimh Idirnáisiúnta agus leis an Dr.Kerry Greer, Ceann Roinn na Síceo-laíochta, Coláiste Mhuire gan Smál.

**Bronnadh Dámhachtain Iomráiteach Charlemont ó Acadamh Ríoga na hÉireann ar Léachtóir CMGS chun Staidéar a dhéanamh ar Fhreagairtí Bitheolaíochta ar Strus léirithe ag Seanshaighdiúirí Míleata**

Bronnadh Deontas Charlemont 2016 de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann ar an Dr.Siobhán Howard, léachtóir Síceolaíochta chun maoiniú a thabhairt do thogra taighde a dhéanfaidh staidéar ar fhreagairtí bitheolaíochta ar strus léirithe ag seanshaighdiúirí míleata. Mar chuid de Dheontas Charlemont 2016, chaith an Dr.Howard tréimhse ceithre seachtaine ag saotharlanna taighde in Ollscoil Indiana, Pennsylvania, SAM, ag obair ar thogra taighde ag déanamh staidéir ar fhreagairtí bitheolaíochta ar strus léirithe ag seanshaighdiúirí míleata.





Clé go Deas: An tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla; An Dr.Dorothy Morrissey, CMgS; An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán CMgS; An Dr. Ailbhe Kenny, CMgS agus, an tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais, CMgS

**Dámhachtainí Réigiúnacha um Fheabhas sa Mhúinteoireacht**

Léiríonn searmanas bronnta na Dámhachtainí Réigiúnacha um Fheabhas sa Mhúinteoireacht de chuid Chuibhreannas na Sionainne sármhaitheas i dteagasc agus i bhfoghlaim laistigh de na trí institiúid Tríú Leibhéal atá i gCuibhreannas na Sionainne: Coláiste Mhuire Gan Smál (MIC), Ollscoil Luimnigh (OL), agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT). Bhí An Dr. Ailbhe Kenny, Léachtóir in Oideachas an Cheoil, Roinn Oideachais Ealaíon & Chorpoideachais ag CMgS, agus An Dr.Dorothy Morrissey, léachtóir in Oideachas na Drámaíochta sa Roinn céanna i gCMgS i measc na seisear ball dáimhe ar an ngearrliosta ar fud Chuibhreannas na Sionainne don searmanas bliantúil.



**Ba lá stairiúil é an Satharn 27 Feabhra 2016 i saol an choláiste nuair a bhain foireann iomána sinsearach an choláiste Corn Mhic Giobúin don chéad uair tar éis dóibh an lámh in uachtar a fháil ar fhoireann Ollscoil Luimnigh sa chluiche craoibhe**

# BUAICPHOINTÍ **15-16**

## FORBAIRT AR OBAIR IDIRNÁISIÚNTA



I mí Mheán Fómhair 2015, thaistil Stiúrthóir na hOifige Idirnáisiúnta, Holly Cowman agus Déan an Oideachais, an tOllamh Teresa O'Doherty ar misean chuig SAM chun bualadh le roinnt coláistí agus ollscoileanna mór le rá, Coláiste Merrimack, Boston College, Ollscoil Notre Dame, Ollscoil Loyola, Ollscoil West Chester, Ollscoil Neumann, Coláiste na Múinteoirí NY, Ollscoil Notre Dame i Maryland, Ollscoil Naomh Eoin agus Ollscoil Marymount.



**Cumann Náisiúnta um Chomhairleoireacht Iontrála ar an gColáiste (NACAC)**

Rinne Holly Cowman ionadaíocht ar son CMgS ag Comhdháil na heagraíochta NACAC 1-3 Deireadh Fómhair. D'fhreastail Stiúrthóir na hOifige Idirnáisiúnta, Holly Cowman ar Sheimineár Teagmhála na gCoimisiúin Eorpacha leis na Balcáin Thiar a reachtáileadh ar 17-18 Nollaig 2015 i Vín san Ostair.

**Cuairt ó Threoirchomhairleoir SAM**

I mí Feabhra 2016, thug 15 treoirchomhairleoir scoile ó cheann ceann na Stáit Aontaithe cuairt ar an gColáiste mar chuid de chamchuairt ar ollscoileanna in Éirinn. Rinne go leor de na comhairleoirí tagairt don cur chuige láidir a bhí dírithe ar an mac léinn agus an bród a bhí le brath sa Choláiste óna baill éagsúla de phobal an Choláiste a casadh orthu le linn na cuairte.

**Scoláireacht ó Fhondúireacht Uí Neachtain**

Mar thoradh ar phróiseas agallaimh an-iomaíoch roghnaíodh seisear mac léinn B Oid le speisialtachtaí in Oideachas na nAmharcealaíon chun ionadaíocht a dhéanamh ar son Choláiste Mhuire gan Smál ar Scoláireacht Fhondúireacht Uí Neachtain chuig Ollscoil Notre Dame agus Acadamh na Mínealaíon Perley ó 21 Bealtaine go 11 Meitheamh 2016.




**Cuairt Ambasadóra na Brasaíle**

Ghlac CMGS páirt i Scoláireacht Oideachais Idirnáisiúnta Rialtas na hÉireann don chéad uair i mbliana. Thug Aire-Comhairleoir na Brasaíle, Luiz Cesar Gasser agus a bhean chéile, Claudia Gasser Uasal, cuairt ar CMGS in éineacht le hattaché cultúrtha Ambasáid na Brasaíle, Daniela Oliveira Guerra, an 10 Márta. Thug siad cuairt aon lae ar thrí institiúid de chuid Chuibhreannas na Sionainne chun bualadh le mic léinn na Brasaíle atá ag staidéar i Luimneach, an seachtar mac léinn a bhí i gCMgS ina measc.

**Oifig Shanghai**

D'oscail CMGS agus LIT comhoifig i Shanghai chun an dá institiúid a chur chun cinn i measc ollscoileanna na Síne agus a gcuid mac léinn.



**Cuairteanna Dáimhe ar CMgS**

D'fháiltíomar roimh baill dáimhe ó Ollscoil Old Dominion, Virginia; ó Choláiste na Banríona, CUNY; ó Ollscoil Carlow Pittsburgh agus ó Ollscoil Florida. Thug cór ollscoile de 43 mac léinn ó Ollscoil Stáit St Cloud, Minnesota ar cuairt i lár mhí na Bealtaine ar feadh seachtaine agus bhí grúpa dáimhe ó Ollscoil Louisville, Kentucky ag freastal ar sheimineáir ar Oideachas Speisialta agus ar an Ardoideachas in Éirinn a thug An Dr .Patsy Daly agus an tOllamh Eugene Wall ag deireadh mhí na Bealtaine. Thug grúpa de 93 mac léinn iarchéime agus baill dáimhe ó Ollscoil na Trócaire Gwynedd cuairt ar CMgS don Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta um Modhanna Taighde (IRMSS) a d'eagraigh an Oifig Iarchéime agus anuas ar sin d'eagraigh an Oifig Idirnáisiúnta clár ama don ghrúpa chun blaiseadh de chultúr na tíre a thabhairt dóibh. Tá trí ghrúpa dáimhe eile ag teacht ar cuairt go CMgS i rith an tsamhraidh, ceann Staire amháin ó Gwynedd Mercy, ceann ó Ollscoil West Chester do Staidéar na Meán agus Cumarsáide agus ceann amháin, ina mbeidh mic léinn ó Ollscoil Nua-Mheicsiceo agus ó Ollscoil Arizona, beidh siad inár measc do choicís um Fhoghlaim Seirbhíse agus Stair na Meánaoise.




**Erasmus+**

Fuair CMgS os cionn € 135,000 i maoiniú Erasmus + um Shoghluaisteacht Idirnáisiúnta idir an chéad bhabhta agus an dara babhta d'iarratais in 2016. Bhí an maoiniú seo chun íoc as soghluaisteacht isteach/amach na dáimhe agus na mac léinn go Stáit Aontaithe Mheiriceá, an tSín, an tSeirbia, Montainéagró agus Maracó.

**An tSeapáin**

D'fháiltigh CMgS roimh an chéad seisear mac léinn ón tSeapáin go dtí an Coláiste i mí Lúnasa 2016 do dhianchlár foghlama sa Bhéarla.

# BUAICPHOINTÍ 15-16

## COMHDHÁLACHA & SEIMINEÁIR

Tharla roinnt comhdhálacha, seimineáir agus léachtaí poiblí náisiúnta agus idirnáisiúnta i rith na bliana sa Choláiste, ina measc-siúd bhí:

- 'Resonance & Recapitulation – Echo of a Renaissance' Comhtháthú Eolaíochta & Teicneolaíochta Fuaime na hÉireann 2015
- 'The Geography of Opportunity'
- 'Reflecting, Re-conceptualising and Reviewing Pre-Service Teacher Engagement: Promoting 'Assessment of and for Learning' through Portfolio Methodology'
- Fóram Taighde Bliantúil um Chorpoideachas, Ghníomhaíocht Choirp agus Spóirt don Óige (arna óstáil i gcomhar le OL)
- Scrúdú ar na héifeachtaí a bhaineann le clár um theagasc piaraí tras-aoise ar léitheoirí níos ísle i rang a ceathair
- Ag baint úsáide as TFC chun daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais a mhúineadh
- 'Anois tánn tú ag caint,' – seal seanchais le Pádraig Ó Cathalláin (90)
- 'Dissecting the Unfolding Drama of Blended Learning'
- Cur chuige uile-scoile a éascú maidir le foghlaim scoile eolas-bhunaithe
- 'Exploring the Everyday' – Comhdháil Bhliantúil um Stair Eacnamaíocht agus Shóisialta na hÉireann
- 'Moments of Becoming: Transitions and Transformations in Early Modern Europe'
- 'Artists in Schools: Perspectives from Norway and Ireland'
- 'The Curious Case of Dapper Dan: Or a Postmodern Vision of Arts Education'
- D'óstáil CMgS taispeántas comhoibritheach idir fhoireann Oideachas na nAmhairealaíon agus comhghleacaithe ó Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh
- 'Conversations in the Consortium'
- 'Women in the Irish Film Industry: Moving from the Margins to the Centre'
- Taighde Stairiúil, Sraith Seimineár Taighde, 2015-2016
- 'Assessing the Impact of Cultural Diversity Education'
- Idirphlé Idirchreidimh
- 'Negotiating the relationship between assessment and learning: Tackling the tensions between competing assessment purposes within the third-level sector'
- 'Hermeneutics, Culture, and the Humanities'
- Ionad na hÉireann um Staidéar Trasnáisiúnta: 'Europe in Crisis?'
- An seachtú sraith de chainteanna faoi Theagasc an Bhéarla in Éirinn agus oiliúint/forbairt mhúinteoirí
- Seimineár Poiblí: 'Hearing the Voices of Refugees and Asylum Seekers Through Research'
- Seimineár Poiblí: 'Assessing Creative Arts Practice in Higher Education: Opportunities and Challenges'



I láthair ag an gcomhdháil bhí an tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán CMgS; An Dr Christiane Schönfeld, Ceann Roinn Léann na Gearmáinise CMgS; An tUasal Peter Adams, Céad Rúnaí, Ambasáid na Gearmáine Bhaile Átha Cliath agus Uachtarán AGS, an tOllamh Sarah Colvin (Ollscoil Cambridge).

**Reáchtáladh an 78ú Comhdháil Bhliantúil an Chumainn um Léann na Gearmáinise sa Bhreatain agus in Éirinn i gCMgS - Meán Fómhair 2015**

Thaistil beagnach 70 toscaire ó gach mórinstitiúid tríú leibhéal sa Bhreatain agus in Éirinn agus cuireadh ar an eolas iad faoin tslí inar forbraíodh Luimneach mar mhol do Léann na Gearmáine in Éirinn, le dhá Roinn um Léann na Gearmáinise atá ag fás agus ag forbairt agus atá gníomhach ó thaobh taighde de i gCMgS agus in Ollscoil Luimnigh araon. Ba é téama na comhdhála i mbliana ná 'Transnational Screen Adaptation: Cultural and Medial Hybridities', le díospóireachtaí painéil ar ábhair cosúil le Stair agus Cuimhneamh, Teangeolaíocht, Staidéir Inscní, Aistriúchán, Léann na Fichiú hAoise & Comhaimseartha, Leadrán i Litríocht, i Scannánaíocht agus i nDioscúrsa na Gearmáinise san Am Nua-Liobrálach Reatha, agus an Páiste Cogaidh sa Tréimhse Áitithe.



I láthair ag collóiciam a phlé Mná i dTionscadal Scannán na hÉireann, a tionóladh i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach, bhí, ó chlé go dea, Eagraí imeachtaí agus léachtóir CMgS, An Dr. Susan Liddy, Anna Serner, Stiúrthóir Institiúid Scannán na Sualainne agus James Hickey, POF ar Bhord Scannán na hÉireann.

**Collóiciam faoi Mhná i dTionscal Scannán na hÉireann**

Rinne an Roinn Meán agus Cumarsáide, CMgS óstáil ar an imeacht aon-lae seo inar tugadh aghaidh ar an tearc-ionadaíocht a déanfar ar mhná i dtionscal scannán na hÉireann faoi láthair. D'fhreastail cleachtóirí, ionadaithe ó chomhlachtaí maoinithe, craoltóirí, cumainn ghairmiúla agus eagraíochtaí deonacha ar an gcollóiciam chun go mbeidís mar chuid den díospóireacht ar mhaithe le tionchar dearfach a bheith acu ar straitéisí um chomhionannas inscne ar fud an tionscail





I láthair ag Comhdháil McAuley a tionóladh i gColáiste Mhuire gan Smál bhí: Ar chúl, ó chlé go deas: Fabio Bord, Uas., Coláiste Naomh Elias, Málta, An Dr. Patrick Riordan, Coláiste Heythrop, Ollscoil Londain, An Dr. Eugene Duffy, tionólaí na comhdhála, CMgS, an tOllamh Eamonn Conway, ceann Roinn na Diagachta agus Staidéir ar Reiligiún ag CMgS. Chun tosaigh, clé go deas: An tSr. Maria Hayes, Rosscarbery, Co. Chorcaí, An tUas. Cillian Lohan, POF, INFF (Fondúireacht Foraoiseachta Nádúrtha na hÉireann), An Dr. Cara Augustenborg, Cathaoirleach Cairde na Cruinne in Éirinn, an tSr. Kathy Cunningham, Rosscarbery, Co. Chorcaí, An Dr. Brendan O'Keeffe, Léachtóir Sinsearach sa Tíre-olaíocht, CMgS, Ms Attracta Uí Bhróin, Gníomhaireacht Comhshaoil na hEorpa agus Ms. Ann Goggin, Comhairle Cathrach & Contae Luimnig

**Comhdháil McAuley – 'Ecological Education, Policy and Spirituality: Caring for Our Common Home'**


Bhí Comhdháil bhliantúil McAuley ar siúl ar 5 & 6 Bealtaine. I mbliana, rinne an chomhdháil iniúchadh ar chuid de phríomhábhair imní *Laudato Si* i gcomhthéacs idirdhisciplíneach, ag tarraingt ar shaineolas ó eolaithe comhshaoil, ó fhealsúnaithe, ó dhiagóirí, ó mhúinteoirí, ó lucht déanta beartas agus ó chleachtóirí. Is é Éamonn Meehan, Stiúrthóir Trócaire, a thug spreagaitheasc na comhdhála den teideal ' United by the same concern: Laudato Si and the call for ecological conversion. I measc na gcainteoirí eile bhí: An Dr. Angela Cloke-Hayes, Roinn na Tíreolaíochta, CMgS; An Dr. Patrick Riordan, Coláiste Heythrop, Ollscoil Londain; An tOllamh Eamonn Conway, Roinn na Diagachta agus an Léinn Reiligiúnaigh, CMgS; An Dr. Cara Augustenborg, Cathaoirleach Cairde na Cruinne in Éirinn; An tUasal Fabio Bord, Coláiste St Elias, Málta; An tSiúr Maria Hayes agus an tSr. Kathy Cunningham, Páirc an Tobair, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí agus Cillian Lohan, Uas., POF, INFF (Fondúireacht Foraoiseachta Nádúrtha na hÉireann).



I láthair ag an seimineár maidir le Measúnú ar Chleachtadh na nEalaíon Cruthaitheach san Ard-Oideachas bhí An Dr.Anne O'Keefe, An tOllamh Michael Hayes, An Dr. Ailbhe Kenny agus An tOllamh Paul Kleiman

**Measúnú a dhéanamh ar Chleachtas na nEalaíon Cruthaitheach san Ardoideachas**

Reachtáileadh an tríú seimineár Náisiúnta 2016, maoinithe ag an bhFóram, a d'eagraigh CMgS i mí Feabhra faoin téama 'Assessing Creative Arts Practice in Higher Education: Opportunities and Challenges'. I rith an tseimineáir eagraíodh ceardlanna agus cur i láthair ar thopaicí cosúil le 'Ag cruthú fianaise ar Chruthaitheacht agus Measúnú Cruthaitheach/ Measúnú Cruthaitheach a dhéanamh, le plé ina dhiaidh sin faoin mbóthar amach romhainn?




**IRMSS**

Bhí an ceathrú Scoil Samhraidh um Mhodhanna Taighde Idirnáisiúnta (IRMSS), eagraithe ag Scoil Taighde agus Iarchéime CMgS, ar siúl ó 5-7 Meitheamh, le 'Turning Evidence into Impact' mar théama na bliana seo. Ba é an tOllamh Norman K Denzin, Ollamh Oirirce Cumarsáide, Scoláire an Choláiste Cumarsáide, agus Ollamh Taighde Cumarsáide, Socheo-laíochta agus Daonnachtaí, Ollscoil Illinois, Urbana-Champaign a thug an phríomhóráid.



Bonnfhoirgneamh
Foundation Building
Séipeal
Chapel
An Bhialann
Restaurant
Amharclann Chrann Teile
Lime Tree Theatre
Teamhair
TARA
Aontas na Mac Léinn
Tailteann
Sports Complex
An Grianán
Summerville House

# BUAICPHOINTÍ **15-16**

## RANNPHÁIRTÍOCHT POBAIL & CULTÚIR









**Is tionscnamh de chuid an AE é an tSeachtain Chódaithe (15-23 Deireadh Fómhair) chun códú a chur chun cinn agus a spreagadh san Eoraip.**
Niamh Armstrong ón Roinn Matamaitice agus Staidéar Ríomhaireachta, CMgS, ceardlann i gcódú trí spraoi agus spórt do pháistí ó Scoil Mhathair Dé. Chuir Niamh na naíonáin ar an eolas faoi ScratchJr, teanga ríomhch-lárúcháin tosaigh deartha go sonrach do leanaí óga (5-7 bliana d'aois) chun a gcuid scéalta agus cluichí idirghníomhacha féin a chruthú. Chuir na daltaí bloic chlársceidealaithe le chéile chun go raibh carachtair in ann bogadh, léimt, damhsa agus labhairt/canadh. Rinne siad mionathruithe ar charachtair san eagarthóir péinte, chuir siad a nguthanna agus a bhfuaimeanna féin leis, agus ansin d'úsáid siad na bloic chlársceidealaithe chun beocht a chur sna carachtair.




**Ag múineadh scileanna fiontraíochta**
Nochtadh an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan, T.D., samhail nua chun scileanna fiontraíochta a mhúineadh do pháistí bunscoile ar 30 Samhain nuair a lainseáladh an chomhpháirtíocht idir BizWorld Ireland agus CMgS go hoifigiúil. Tríd an chlár seo cuirfear oiliúint ar mhic léinn CMgS i seachadadh a chláir do bhunscoileanna, atá dírithe ar pháistí a theagasc faoi fhiontair, faoi bhainistíocht airgid, faoi réiteach fadhbanna agus faoi smaointeoireacht chriticiúil ar bhealaí spraíúla agus cruthaitheacha.





Sa phictiúr ag seoladh '1916 agus Deich mBliana na gCuimhneachán' i gColáiste Mhuire gan Smál bhí, ó chlé: Michael Noonan, T.D., Aire Airgeadais; An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán CMgS, agus an Comhairleoir Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh.

**1916 agus Deich mBliana na gCuimhneachán**

Thug an t-iar-Aire Airgeadais, Michael Noonan TD, cuairt ar CMgS i mí Eanáir chun clár imeachtaí an Choláiste i gcuimhne ar 1916 a sheoladh. Ag an seoladh chomh maith rinne leanaí ó Scoil Mheán-Iarthair na mBodhar cur i láthair stairiúil poiblí Amhrán na bhFiann. Is é '1916 agus Deich mBliana na gCuimhneachán i gColáiste Mhuire gan Smál' teideal an chláir bhliana seo inar reachtáileadh níos mó ná 30 imeachtaí éagsúla, ó chomhdhálacha oideachais go taispeántais, ó léachtaí poiblí go léiriúcháin amharclainne in Amharclann Chrann Teile. I measc na mbuaicphointí bhí atógáil seomra ranga i stíl 1916 ag léiriú gnéithe de shaol na leanbh scoile i 1916; comhdháil dar teideal 'Cuimhne agus Fís' inar deineadh comparáid idir beartas agus cleachtas sóisialta agus oideachais na hÉireann i 1916 le beartas agus cleachtas sa chéad aois ina dhiaidh sin; léiriú nua ó Amharclann na Mainistreach 'The Plough and the Stars', lonnaithe le linn Éirí Amach na Cásca; agus an taispeántas 'The Illusion of Consensus - Photographs of Limerick in 1916' inar tugadh léargas ar an saol i Luimneach le linn tréimhse aistrithe agus anoird le fócas ar an mbliain eisceachtúil 1916.



Mar chuid de Chlár Cuimhneacháin CMgS 1916, tá macasamhail den Seomra Ranga 1916 ar taispeáint i bPríomhfháiltiú an Choláiste agus rinne an Dr.Eileen O'Sullivan soláthar ar ceardlanna do pháirtithe leasmhara.





Sa phictiúr ag léiriú ag Lá Ealaíon CMgS in Amharclann Chrann Teile bhí The Musicmakes -Anne-Marie O'Farrell, Cumadóir Cónaithe CMgS (cruit), Jack Talty (consairtín) agus Matt Berrill (sacsafón)

**Lá na nEalaíon CMgS 2016**

Ar 1 Márta, thionóil CMgS Lá Ealaíon ar fud an champais a bhí lán de ghníomhaíocht. Ag cuimsiú seánraí il-ealaíon, bhain an lá le ceardlanna drumadóireachta, le puipéid 'pop-up', le suiteáin, le taispeántais scannáin, le taispeántais eile chomh maith le léirithe ceoil, amharclainne agus damhsa. Bhí 150 páiste páirteach freisin ó bhunscoileanna Luimnigh mar chuid de Chór Leanaí CMgS a bhí i mbun léirithe in Amharclann Chrann Teile. D'eascair an Lá Ealaíon as obair leanúnach na n-ealaíontóirí cónaithe, Branar Théatar do Pháistí, agus an cumadóir Anne-Marie O'Farrell chomh maith le foireann bhríomhar agus pobail ealaíon na mac léinn laistigh den choláiste.

Ba é an Roinn Oideachais Ealaíon agus Corpoideachais a bhí i gceannas ar Lá na nEalaíon agus é mar phríomhchuspóir ag an lá athbheochanú a dhéanamh ar chultúr na n-ealaíon ar gcampas CMgS.



**Ceapacháin Thábhachtacha**

Tar éis trí bliana go leith ag soláthar scoth na na dtaibh-ealaíon do mhuintir na cathrach, bhog Amharclann Chrann Teile go tréimhse nua agus spreagúil dá forbairt. I mbliana fógraíodh trí phríomhcheapachán ar bhord agus ar fhoireann an chomhlachta. Ceapadh Bill Whelan, an cumadóir agus an ceoltóir, ar bhord na Stiúrthóirí agus ina theannta bhí Colm O'Brien, fear gnó áitiúil, a ghlac leis an ról mar Chathaoirleach. Idir an dá linn, ceapadh Marketa Dowling, iar-Bhainisteoir Fishamble, mar Bhainisteoir Cláir an Belltable.



**Belltable**

I mí Aibreáin, tar éis tréimhse ama fada athsheoladh an Belltable, a bhfuil an-tóir air, mar thoradh ar chomhaontú idir Amharclann Chrann Teile agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun bainistiú a dhéanamh ar an Belltable i lár chathair Luimnigh.



**Tionscadal Soundscape Luimnigh**

Is buaiteoirí bródúla na Mumhan de Dhámhachtáin an Réalta é Lárionad Luimnigh de chuid an Líonra Náisiúnta Foghlama atá lonnaithe sa Ráithín ag AONTAS - Féile na bhFoghlaimeoirí Fásta na bliana seo. Bronnadh an chéad duais mar aitheantas d'obair iontach an ghrúpa le Tionscadal Soundscape Luimnigh, tionscnamh áitiúil de chuid Choláiste Mhuire Gan Smál agus Ollscoil Luimnigh chun mapa fuaime ar líne den chathair a chruthú.

Bhí baill an ghrúpa ag iarraidh fuaimeanna a saoil a bhailiú, ó ionaid siopadóireachta lár an bhaile go dtí a ngairdíní cúil, ag baint úsáide as taifeadáin dhigiteacha. Bailíodh, eagraíodh agus deineadh na fuaimeanna a h-uaslódáil ar an suíomh, chun go mbeadh daoine ar fud an domhain éisteacht leis an saol i Luimneach i gcoitinne. Rinne an Dr. Aileen Dillane ó Dhámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol, Ollscoil Luimnigh agus An Dr Tony Langlois ón Ionad Taighde Fuaime, CMgS comhghairdeachas leis an ngrúpa as a rathúlacht. Tá Tionscadal Limerick *Soundscapes* bunaithe go hiomlán ar thaifeadtaí eagraíochtaí pobail agus é mar aidhm aige timpeallacht shonach athraitheach na cathrach a thaifeadadh don chéad 100 bliain eile.



# BUAICPHOINTÍ 15-16

## SPÓIRT



**Iomáint Shinsir** – Buaiteoirí Chorn Mhic Giobúin 2016

**Camógaíocht** – Iomaitheoirí sa bhabhta leath cheannais de Chorn Ashbourne agus Buaiteoirí Blitz na Chéad Bhliana

**Peil na mBan** – Iomaitheoirí sa bhabhta ceathrú ceannais de Chorn Giles

**Peil na bhFear** – Iomaitheoirí sa bhabhta ceathrú ceannais de Chorn Trench

**Sparánachtaí CLG na Mumhan**

Richard English – Luimneach

Conor Twomey – Corcaigh

Aislinn Keogh – Co an Chláir

Jenny McCarthy – Port Láirge

Darragh O'Donovan – Luimneach

Aoife Clifford – Corcaigh

Luke Meade – Corcaigh

Kevin O'Dwyer – Corcaigh

Cormac Coffey – Ciarraí

**Sparánachtaí ó Choláiste Mhuire gan Smál**

Tim O'Mahony – Corcaigh

Maidhc Ó Conghaile – Gaillimh

Laura Marie Maher – Laois

Sean Linnane – Gaillimh

**Réalta CLG Ardoideachais don Todhchaí**

Richard English – Luimneach

Ronan Maher – Tiobraid Árann

John Meaghar – Tiobraid Árann

Darragh O'Donovan – Luimneach

Cian Lynch - Luimneach

Sean Linnane – Gaillimh

Declan Hannon – Luimneach



**Sárimreoirí Camógaíochta CCAO**

Fiona Morrissey – Port Láirge

**Dornálaíocht**

Bhain Oisín Fahey, MG02, Bonn Airgid ag Craobhchomórtais Chumann Dornálaíochta Tríú Leibhéal na hÉireann (IATBA) Championships



Clé go Deas: Eamonn Cregan, an tEaspag Brendan Leahy; An Clr Liam Galvin; An tOllamh Michael A Hayes, agus Richie English, Captaen Fhoireann Iománaíochta Sinsearach CMgS.



Téann Kevin Hehir, OL, i ngleic le Cian Lynch. CMgS.

## Baineann CMgS amach Craobh Chorn Mhic Giobúin


B'ócáid stairiúil é do Choláiste Mhuire Gan Smál ar 27 Feabhra nuair a bhí an lámh in uachtar ag a fhoireann Iománaíochta Sinsearach ar OL i gcluiche ceannais eipiciúil chun Corn Mhic Giobúin a bhaint amach den chéad uair riamh. Thóg sé dhá thréimhse d'am breise agus níos mó ná 90 nóiméad iománaíochta ach d'éirigh le foireann CMgS a gcéad chluiche ceannais Chorn Mhic Giobúin a bhaint amach ar deireadh. Thug CMgS ómós dá Fhoireann Iomána Sinsearach buacach, buaiteoirí Chorn Mhic Giobúin 2016, ag ócáid speisialta a reachtáileadh in Óstán Chalaidh an Treoigh ar 22 Aibreán. D'fhreastail os cionn 150 aoi ar an ócáid fhoirmiúil chun éacht stairiúil na foirne a cheiliúradh. I measc na n-aíonna bhí Méara Luimnigh, an Clr Liam Galvin; Easpag Luimnigh, an tEaspag Brendan Leahy; Cathaoirleach Bhord an Chontae, Oliver Mann, Uas., agus Seán Kelly, Uas., FPE. Tugadh ómós do Eamonn Cregan, a d'fhógair go raibh sé ag dul ar scor tar éis breis is fiche bliain mar bhainisteoir iomána CMgS. Tugadh ómós freisin do Noreen Lynch, iar-Léachtóir sa Chorpoideachais i gCMgS, ar bronnadh Gradam Uachtarán CLG uirthi i 2014 mar aitheantas don mhéid a rinne sí go deonach don CLG, go háirithe don mhéid a rinne sí maidir le forbairt na gcluichí Gaelacha ag an tríú leibhéal. Tugtar creidiúint do Noreen as Eamonn Cregan a thabhairt isteach chun dul i gceannas ar iománaíocht i gCMgS thart ar 23 bliain ó shin.



An tOllamh Michael A Hayes agus Eamonn Cregan.



Clé go Deas: An tSr Delia O'Connor, An tOllamh Michael Hayes, Noreen Lynch



CMgS – Buaiteoirí Chorn Mhic Giobúin 2016



Robert Frost, Uas., Cathaoirleach ar Chomhairle CLG na Mumhan agus an tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán CMgS (sa lár) le mic léinn CMGS ar ócáid um bhronnadh Dámhachtainí Sparánachta CLG. Sa phictiúr freisin (ar dheis) tá Joe Redington, Oifigeach Forbartha Cluichí Gaelacha, CMgS.

## Sparánachtaí an Choláiste agus CLG

Tugadh aitheantas do réimse réaltaí spóirt óga na hÉireann ag ócáid speisialta i gColáiste Mhuire Gan Smál ar an Luan 25 Eanáir nuair a bronnadh sparánachtaí ón gColáiste agus ón CLG ar tríocha mac léinn mar aitheantas dá gcuid éachtaí spóirt go dtí seo.



Caoimhe Costello



Laura-Marie Maher



Fiona Morrissey

## Cumann Imreoirí Gael na mBan - Scholarship Recipients

Bhí triúr mac léinn CMgS: Caoimhe Costello (2ú Bliain B Oid); Laura-Marie Maher (3ú Bliain B.Oid & Síceolaíocht) agus Fiona Morrissey (4ú Bliain B Oid) i measc 23 duine ar bronnadh scoláireachtaí orthu ó Chumann Imreoirí Gael na mBan ag searmanas bronnta in Óstán Druids Glen, Cill Mhantáin ar an Máirt 23 Feabhra 2016. Tháinig na faighteoirí ó choláistí eile chomh maith agus imríonn siad uile Camógaíocht nó Peil na mBan ag leibhéal an chontae. Is é seo an dara bliain de scoláireachtaí a chuir Cumann Imreoirí Gael na mBan ar fáil, a bhfuil 1,100 ball anois ag an gCumann. Is é téama an chláir scoláireachta ná 'Go Higher' nó téigh níos airde agus tá sé mar aidhm ag an scéim faighteoirí a spreagadh chun barr feabhais a bhaint amach i ngach gné dá saol, mar lúthchleasaithe agus sa saol trí chéile. Tá sé mar aidhm ag na scoláireachtaí freisin cuid de na héilimh airgeadais a bhaint de mhic léinn chun cur ar a gcumas díriú ar a gcuid staidéir agus a ngníomhaíochtaí spóirt.



Ar chúl, Clé go Deas: Paul Kileen (ITL) as Gaillimh; Paul Maher (Ollscoil Luimnigh) as Tiobraid Árann; Richie English (CMgS) as Luimneach; Darragh O'Donovan (CMgS) as Luimneach agus John Meagher (CMgS) as Tiobraid Árann. Chun Tosaigh, ó chlé: Tom Morrissey (Ollscoil Luimnigh) as Luimneach; Sean Linnane (CMgS) as Gaillimh; Padraic Guinan (UCD) as Uíbh Fhailí, John McGrath (Ollscoil Luimnigh) as Tiobraid Árann; Cian Lynch (CMgS) as Luimneach agus Declan Hannon (CMgS) as Luimneach.

## Cothaíonn CMGS Réaltaí Ardoideachais Iománaíochta an CLG don todhchaí

Ar an 11 Aibreán b'iad Réaltaí Ardoideachais Iománaíochta an CLG don todhchaí Aíonna onóra ag fáiltiú speisialta de chuid Independent.ie a reachtáileadh i gColáiste Mhuire Gan Smál. Ainmníodh seachtar mac léinn ó CMgS ar Fhoireann Iománaíochta don todhchaí na bliana 2016, ar bhronn Cathaoirleach Chomhairle Ardoideachais, Gerry Tully, a gcuid gradam orthu in éineacht leis na Réaltaí roghnaithe eile. Ba é CMgS an chéad institiúid taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath a rinne óstáil ar an searmanas bronnta seo.

## SEARMANAIS BHRONNTA











Reachtáileadh Searmanais um Bhronnta Céime CMgS ar an Aoine 23 Deireadh Fómhair le 624 mac léinn ó 20 chontae agus 3 mhór-roinn a bhain amach dámhachtainí acadúla i réimse leathan an 27 chlár ata á reachtáil ag an gColáiste. Bhí cáilíocht na hard-scoláireachta i gColáiste Mhuire gan Smál le feiceáil ar an lá de réir mar a bronnadh an 100ú céim PhD, agus 9 PhD ar an iomlán ag fáil a gcuid céimithe thar an dá searmanas. Ina measc siúd a bhain céim amach snaceithre Chlár Fochéime agus Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht), bhí mic léinn a bhain amach Onóracha den Chéad Ghrád. Mar aitheantas dá n-éachtaí acadúil, bronnadh Scoláireacht Iarchéime ó Uachtarán Choláiste Mhuire Gan Smál ar gach mac léinn don Bhliain Acadúil 2015-2016 a chuir ar a gcumas staidéar iarchéime a dhéanamh ag CMgS ag leibhéal an Dioplóma Iarchéime, na Máistreachta Múinte nó na Máistreachta Taighde



I láthair ag na Searmanais Bronnta Céime CMgS 2015 bhí (ar chúl): Clé go Deas: An tOllamh Jim Deegan, Ceann Scoil na gCéimithe, CMgS; An Dr. John Treacy, An Dr. Paul Gadie, An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán CMgS, (lár); An tOllamh Michael Healy, Comh Leas-Uachtarán Taighde, CMgS; An tOllamh Michael Breen, Déan na nDán, CMgS; agus An Dr. Rabson Ndlovu.  Chun Tosaigh, Ó chlé: An Dr. Anna Stiepel, An Dr. Vivien Hennessy, An Dr. Daniela Panzera, An Dr. Miriam Walsh, agus An Dr.Ciarán Ryan



Bhronn An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán CMgS, Bonn an Choláiste ar Tara Hayes (BA iarchéime) ó Chaisleán Uí Chonaill, Luimneach, toisc gur bhain sí an chéad áit sa Chéim Bhait-siléara sna Dána. Bronnadh Bonn Airgid an Choláiste uirthi freisin as an gcéad áit a bhaint amach sa bhFealsúnacht agus sa Tíreolaíocht



Bronnadh Comhaltacht Kieran Burke ar Claire Connaughton as Baile Átha Luain, Co. Ros Comáin, don chéad áit san Oideachas (Bun Ábhair), mar chuid den chlár B.Oid san Oideachas & sa tSíceolaíocht. Bronnann an Coláiste an chomhaltacht i gcuimhne ar an Kieran Burke, nach maireann, Léachtóir i Síceolaíocht 1974-1994.




Lisa Lynch (céimí BA) ó Phort Omna, Co. na Gaillimhe ar bronnadh Bonn Airgid an Choláiste uirthi ag An Dr. Loïc Guyon, Ceann Roinn Léann na Fraincíse, CMGs, as ucht an chéad áit a bhaint amach i Léann na Fraincíse.

# LÍON NA MBRONNTA CÉIMEANNA DO 2015

| CÚRSA | AN LÍON A BHAIN CÉIM AMACH |
|---|---|
| Baitsiléir sna Dána i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige | 65 |
| Baitsiléir Oideachais san Oideachas agus Síceolaíocht | 34 |
| Baitsiléir Oideachais | 5 |
| Baitsiléir sna Dána | 206 |
| Baitsiléir sna Dána i Léann an Oideachais (Leibhéal 8) | 1 |
| Baitsiléir sna Dána i Léann an Oideachais (Leibhéal 7) | 2 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) | 76 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas Aosaigh agus sa Bhreisoideachas | 21 |
| Dioplóma Iarchéime sa Staidéar Gairmiúil san Oideachas | 7 |
| Dioplóma Iarchéime (Ceannaireacht Chríostaí san Oideachas) | 1 |
| Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais | 50 |
| Máistir san Oideachas | 22 |
| Máistir san Oideachas (Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide san Oideachas Bunscoile) | 1 |
| Máistir san Oideachas (Staidéar Gairmiúil san Oideachas) | 2 |
| MA san Oideachas agus sna Dána | 2 |
| Máistir sna Dána (Ceannaireacht Chríostaí san Oideachas) | 16 |
| Máistir sna Dána (Teanga agus Litríocht an Nua-Bhéarla) | 9 |
| Máistir sna Dána (Gaeilge) | 6 |
| Máistir sna Dána (Stair) | 3 |
| Máistir sna Dána i gCleachtas Forbartha Idirnáisiúnta | 4 |
| Máistir sna Dána i Staidéar na Meán | 4 |
| Máistir sna Dána i bhFealsúnacht Ealaíne & Cultúir | 1 |
| Máistir sna Dána (Taighde agus Tráchtas) | 6 |
| Máistir san Oideachas (Riachtanais Speisialta Oideachais) | 10 |
| M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge | 17 |
| Máistir sna Dána (Oideachas an Cheoil) | 4 |
| Teastas Iarchéime i Staidéar Gairmiúil san Oideachas | 6 |
| Teastas sa Chúram & san Oideachas Uileghabhálach | 20 |
| Teastas i bhFoghlaim Ghinearálta agus Forbairt Phearsanta | 14 |
| Dochtúir le Fealsúnacht (Na Dána | 10 |
| Dochtúir le Fealsúnacht (Oideachas) | 3 |
| Líon iomlán na gCéimithe | 624 |

# LÍON NA MAC LÉINN DON BHLIAIN ACADÚIL 2015-16

| Cineál | Lánaimseartha | Páirtaimseartha | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **BUNCHÉIM** | | | |
| Rochtain | 0 | 30 | 30 |
| Teastas | 0 | 16 | 16 |
| Céim Onóracha | 3044 | 0 | 3044 |
| Céim Ghinearálta | 2 | 0 | 2 |
| Ócáideach | 90 | 0 | 90 |
| **Líon Iomlán na mBunchéimithe** | **3136** | **46** | **3182** |
| **IARCHÉIM** | | | |
| Dioplóma | 74 | 10 | 84 |
| Máistreacht Mhúinte | 259 | 112 | 371 |
| Máistreacht trí Thaighde | 20 | 0 | 20 |
| PhD | 102 | 1 | 103 |
| **Líon Iomlán na nIarchéimithe** | **455** | **123** | **578** |
| **Iomlán** | **3591** | **169** | **3760** |


# ÚSÁID FUINNIMH

**Léargas ar an Úsáid Fuinnimh in 2015-2016**


Agus ardú leanúnach i líon na mac léinn, na mball foirne, an spáis (Campas John Henry Newman agus Campas Phádraig CMgS, Durlas) agus na n-imeachtaí, is fiú go mór na baill foirne um fhuinneamh agus a gcóras bainistíochta ar fhuinneamh agus leanann úsáid fuinnimh ar an iomlán i gColáiste Mhuire Gan Smál (CMgS) ag titim.

I rith 2016, d'ídigh CMgS5,856 MWh d'fhuinneamh ina raibh:
- 1,999.1 MWh de leictreachas,
- 3,852.9 MWh* de ghás,
- 4.5 MWh de bhreoslaí iompair (díosal)

*Tabhair faoi deara go gclúdaíonn na figiúirí seo meastacháin d'úsáid gáis mar chuir príomhscide/príomh-shreabhmhéadar gáis a bhí lochtach sonraí bréige ar fáil don chéad ocht mhí de 2016.
Rinneadh meastachán den mhéid gáis a úsáideadh, ag baint úsáide as sonraí turgnamhacha, i rith na tréimhse sin.
Chuir Bord Gáis an príomhscide gáis nua isteach i Lúnasa 2016.



# CAIRT EAGRAÍOCHTA



# NA CUNTAIS

## CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2016

| **Sliocht as an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach** | **An Bhliain dar Críoch 30/9/16 €'000** | **Athluaite An Bhliain dar Críoch 30/9/15 €'000** |
|---|---|---|
| Ioncam | | |
| Táillí na Mac Léinn | 18,415 | 16,044 |
| Deontais Stáit | 9,986 | 8,761 |
| Ioncaim eile Maoiniú Pinsean Iarchurtha | 11,559 | 10,933 |
| **Ioncam Iomlán** | **39,960** | **35,738** |
| **Amúchadh deontais chaipitil stáit** | **1,508** | **1,351** |
| Caiteachas | | |
| Costais Foirne | (19,369) | (18,109) |
| Caiteachas Eile, Costais Pinsean ina measc | (19,034) | (17,930) |
| **Caiteachas Iomlán** | **(38,403)** | **(36,039)** |
| Ioncam Cuimsitheach Neamhshrianta | 3,065 | 1,050 |
| Méadú ar Theaglaim Choláiste Phádraig - Teoranta | 9,190 | - |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán** | **12,255** | **1,050** |

## NÓTA DO THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

**Coláiste Phádraig, Durlas**

D'iarr an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) ar Choláiste Mhuire Gan Smál dul i mbun Choláiste Phádraig, Durlas a riaradh. Tháinig an comhtháthú seo i bhfeidhm ar an 23 Iúil 2016 nuair a aistríodh sócmhainní áirithe de chuid Choláiste Phádraig, Durlas isteach i seilbh Choláiste Mhuire gan Smál.

**Ceangaltais Chaipitil agus Feabhsúcháin ar Champas an Choláiste**
Chuir an Coláiste tús le tionscadal athchóirithe suntasach ar Champas John Henry Newman (An Cnoc roimhe seo) ar 30 Meán Fómhair 2016 agus bhí an tionscadal seo críochnaithe nach mór faoin 31 Eanáir 2017 agus an foirgneamh in úsáid mar Scoil Taighde agus Iarchéime. Tá an Coláiste i mbun oibreacha riachtanacha freisin ar Champas Dhurlas CMgS. Tá Cead Pleanála faighte ag an gColáiste chun Leabharlann/Ionad Acmhainní Foghlama nua a thógáil agus tá an tionscadal seo ag fanacht le maoiniú oiriúnach a fháil.

BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL